



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Deireadh Fómhair 2017
(OR. en)

13200/17

FREMP 113
JAI 903
COHOM 115
DROIPEN 133
ASILE 73
JUSTCIV 241
SOC 640
SCHENGEN 67
EJUSTICE 125
DAPIX 330
ANTIDISCRIM 48
VISA 392
CULT 118

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	12 Deireadh Fómhair 2017
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	12913/17
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh in 2016

San Iarscríbhinn, gheobhaidh na toscaireachtaí na conclúidí ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a ghlac an Chomhairle ag an 3564ú cruinniú a bhí aici ar an 12-13 Deireadh Fómhair 2017.

**CONCLUÍDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM NA CAIRTE UM
CHEARTA BUNÚSACHA IN 2016****I. RÉAMHRÁ**

1. Meabhraíonn an Chomhairle Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ina ndeirtear go bhfuil an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, na saoirse, an daonlathais, an chomhionannais, fhorlámhas an dlí agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. Is ar na luachanna coiteanna sin atá an tAontas Eorpach agus ár gcuid sochaithe bunaithe. De réir Airteagal 51 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais (an Chairt), déanfaidh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, mar aon leis na Ballstáit, na cearta bunúsacha a chumhdaítear sa Chairt a urramú, agus dlí an Aontais á chur chun feidhme acu.
2. In 2016, rinneadh cosaint roinnt ceart sa Chairt a atreisiú tuilleadh trí shraith d'uirlisí dlí a ghlacadh: maidir le toimhde na neamhchiontachta agus an ceart a bheith i láthair ag an triail;¹ maidir le cúnamh dlíthiúil;² coimircí nós imeachta do leanaí³ chomh maith le bunú sraithe cuimsithí rialacha maidir le cosaint sonraí ar leibhéal an Aontais.⁴

¹ Treoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le gnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta a neartú mar aon leis an gceart a bheith i láthair ag an triail in imeachtaí coiriúla, IO L 65, 11.3.2016, lch. 1–11.

² Treoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cúnamh dlíthiúil do dhaoine a bhfuil drochamhras fúthu nó do dhaoine atá cúisithe in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí a bhaineann le barántas gabhála Eorpach, IO L 297, 4.11.2016, lch. 1–8.

³ Treoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le coimircí nós imeachta do leanaí a bhfuil drochamhras fúthu nó a bhfuil cúis curtha ina leith in imeachtaí coiriúla, IO L 132, 21.5.2016, lch. 1–20.

⁴ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) IO L 119, 4.5.2016, lch. 1–88. Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 i ndáil le cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle.

3. Athdhearbhaíonn an Chomhairle nach mór, i ngach réimse beartais, cearta bunúsacha a chomhtháthú go hiomlán agus reachtaíocht agus beartais an Aontais á n-ullmhú agus measúnú á dhéanamh orthu. Meabhraíonn sí na treoirlínte ón gComhairle maidir leis na céimeanna modheolaíochta atá le glacadh chun an chomhoiriúnacht le cearta bunúsacha a sheiceáil i gcomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle⁵, treoirlínte a bhfuil sé mar aidhm acu cearta bunúsacha sna próisis reachtóireachta agus sna próisis ceaptha beartais a chur sa mheá tuilleadh.
4. Tá tuairim na Comhairle fabhrach i dtaca le Tuarascáil 2016 ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm na Cairte⁶ chomh maith leis an Tuarascáil um Chearta Bunúsacha, 2017⁷, ó Ghníomhaireacht an Aontais um Chearta Bunúsacha (an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha). Cuirtear i bhfios sna tuarascálacha sin an dul chun cinn a rinneadh le bliain anuas agus na dúshláin atá ann go fóill maidir leis an gCairt a chur i bhfeidhm go héifeachtach san Aontas agus sna Ballstáit.
5. Tugann an Chomhairle dá haire an togra ón gCoimisiún chun Colún Eorpach na gCeart Sóisialta⁸ a bhunú lena leagtar síos creat don ghníomhaíocht a dhéanfar amach anseo chun feabhas a chur ar chomhionannas deiseanna agus ar rochtain ar an margadh saothair, ar chothroime dálaí oibre agus ar chosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta agus tá sí ag tnúth leis an bplé a dhéanfar ar an togra ag ESPCO an 23 Deireadh Fómhair 2017.

II. CEARTA NA CAIRTE BEART A DHÉANAMH DEN BHRIATHAR

6. Aithníonn an Chomhairle gur saincheist chothrománach í cosaint na gceart bunúsach, ceist a mbíonn tionchar aici ar gach réimse de ghníomhaíocht an Aontais agus nach féidir an chosaint sin a chur i gcrích ach le tacaíocht agus le comhar gníomhach ó gach páirtí leasmhar ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chomh maith. Meabhraíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá múscailt feasachta faoi chur i bhfeidhm na Cairte ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais chomh maith, i measc lucht déanta beartais, dlíodóirí agus na sealbhóirí ceart iad féin. I ndáil leis an méid sin, cuireann sí i dtreis gur gá feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as uirlisí digiteacha amhail ríomhsheirbhísí dlí agus malartú dea-chleachtas.

⁵ 5377/15.

⁶ 9511/17.

⁷ 10744/17 + ADD 1 + ADD 2.

⁸ Féach 8637/17.

7. Tá an Chomhairle tiomanta don chomhleanúnachas a neartú tuilleadh idir an ghné inmheánach agus an ghné sheachtrach de bheartas an Aontais um Chearta Bunúsacha agus um chearta an duine⁹.
8. Leagann an Chomhairle béim ar an ról atá ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus an Chairt á sainmhíniú agus á cur i bhfeidhm san Aontas, beart a dhéanamh den bhriathar, rud a fhágann gurb ann do na cearta a bhfuil inti.
9. Aithníonn an Chomhairle an ról ríthábhachtach atá ag an nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha, mar a leagtar síos ina rialachán bunaidh,¹⁰ agus comhairle agus saineolas fianaise-bhunaithe á gcur ar fáil aici le 10 mbliana anuas. Molann an Chomhairle don Gníomhaireacht um Chearta Bunúsacha cur leis an tiomantas sin, tríd an ról atá aici mar bhailitheoir sonraí maidir le cearta bunúsacha agus trí shineirgí a chothú agus comhar a chur chun cinn idir líonraí na bpointí fócasacha rialtais, na hinstiitúidí naisiúnta um chearta an duine, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus na saoránaigh. Iarrann an Chomhairle ar an nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha oibriú i gcomhar leis na Ballstáit chun malartú dea-chleachtas, uirlisí agus modhanna a éascú maidir le cur chun feidhme na Cairte agus maidir le cearta, luachanna agus saoirse bunúsacha a chur in iúl.
10. Faoi chuimsiú chreat an dlí idirnáisiúnta, dhlí an Aontais agus an dlí náisiúnta, tá ról tábhachtach ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun cearta bunúsacha a chur chun cinn agus a chur chun feidhme ar an talamh, agus a bheith ina n-eagraíochtaí maoirseoireachta, chomh maith le feasacht faoi chearta bunúsacha a chothú i measc sealbhóirí ceart agus tacú lena n-iarrachtaí a gcearta a fheidhmiú agus a chosaint. Ionas go mbeidh eagraíochtaí na sochaí sibhialta in ann a gcúraimí a chomhlíonadh, caithfear a chur ar a gcumas a gcuid oibre a dhéanamh.

⁹ I gcomhréir le Plean Gníomhaíochta AE maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas (2015-2019).

¹⁰ Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, IO L 53, 22.2.2007, lch. 1-14.

a) Slándáil inmheánach

11. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur cuspóirí beartais atá comhsheasmhach, comhlántach iad an tslándáil agus an urraim do chearta bunúsacha.
12. Sa chomhthéacs sin, cuireann an Chomhairle i bhfáth a thábhachtaí atá an ceart chun príobháideachta agus an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, san obair leantach a dhéanfar ar obair an Ghrúpa Ardleibhéil Saineolaithe maidir le Córais Faisnéise agus Idir-inoibritheacht i gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle an 9 Meitheamh 2017 maidir leis an mbealach chun cinn i dtaca le feabhas a chur ar an malartú faisnéise agus idir-inoibritheacht chóras faisnéise an Aontais a áirithiú¹¹.

b) Tearmann agus imirce

13. Aithníonn an Chomhairle gur gá urraim a thabhairt do chearta bunúsacha na n-imirceach, daoine atá ag lorg tearmainn, dídeanaithe agus daoine atá incháilithe do chosaint choimhdeach fiú amháin agus dúshláin phráinneacha ann i réimsí na himirce agus an tearmainn. Aontaíonn an Chomhairle gur cheart go gcuirfí san áireamh, go háirithe i ngníomhaíochtaí an Aontais agus sna gníomhaíochtaí náisiúnta, an baol mór atá ann go ndéanfaidh smuigléirí daoine agus gáinneálaithe ar dhaoine, mar shampla, mí-úsáid agus dúshaothrú, agus gur mó fós an baol foréigin agus idirdhealaithe a bhíonn ann do mhná agus do leanaí.¹²

¹¹ 10151/2017.

¹² Féach, mar shampla, na conclúidí is déanaí ón gComhairle agus ó na Ballstáit maidir le himircigh ar leanaí iad a chosaint (10085/17), chomh maith leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le himircigh ar leanaí iad a chosaint an 12 Aibreán 2017 (COM 2017 (211)).

c) Cearta an linbh

14. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé leanaí a chosaint agus urraim a thabhairt don phrionsabal gur cheart tús áite a thabhairt do leas an linbh i ngach gníomhaíocht a bhfuil tionchar aici ar leanaí.
15. Cuireann an Chomhairle i bhfáth go bhfuil comhar agus idirphlé leis na geallsealbhóirí ríthábhachtach chun a áirithiú go n-urramófar cearta an linbh, go háirithe trí mhalartú dea-chleachtas, rud nach mór a fhorbairt tuilleadh. Meabhraíonn sí an Fóram Bliantúil maidir le cearta an linbh, grúpa neamhfhoirmiúil saineolaithe na mBallstát maidir le cearta an linbh, chomh maith leis an tionscanamh ón gCoimisiún maidir le líonra Eorpach caomhnóireachta a bhunú.

d) Dul i ngleic leis an gciníochas agus leis an tseineafóibe

16. Is díol sásaimh don Chomhairle na bearta a chomhordaigh Grúpa Ardleibhéil an Choimisiúin chun dul i ngleic leis an gciníochas, leis an tseineafóibe agus le cineálacha eile éadulaingthe. Áirítear orthu sin faireachán a dhéanamh ar an gcód iompair maidir le gníomh a dhéanamh i gcoinne na fuathchainte neamhdhleathaí ar líne,¹³ cur leis an tacaíocht d'íospartaigh, modheolaíochtaí a fhorbairt chun sonraí maidir le coir fuatha a thaifeadadh agus a bhailiú, gníomh a dhéanamh i gcoinne na fuathchainte ar líne, litearthacht sna meáin agus smaointeoireacht chriticiúil a chur chun cinn, agus cur leis an tuiscint idirchultúrtha tríd an oideachas. I bhfianaise an mhéid sin, ag an gComhdháil a d'eagraigh Uachtaránacht Mhálta maidir le 'Frith-insintí: bealaí chun tacú leis an tsochaí shibhialta le hinsintí dearfacha éifeachta i gcoinne na fuathchainte ar líne a chur ar fáil' an 6-7 Aibreán, dearbhaíodh go bhfuil gá le tuilleadh comhair agus tiomantais ó na geallsealbhóirí go léir: na meáin, ardáin idirlín agus údaráis poiblí.
17. Tá an Chomhairle ag tnúth le torthaí shuirbhé EU-MIDIS II, suirbhé a rinne an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh le cúig bliana anuas maidir le cearta bunúsacha na ndaoine a bhfuil cúlra inimircigh nó cúlra mionlaigh acu a chosaint.

¹³ Le fáil ag:
http://ec.europa.eu/justice/fundamental-rights/files/hate_speech_code_of_conduct_en.pdf

e) Foréigean in aghaidh na mban

18. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil Collóiciam an Choimisiúin maidir le Cearta Bunúsacha dírithe in 2017 ar chur chun cinn chearta na mban agus an chomhionannais inscne, is deis a bheidh ann díriú ar chumhachtú eacnamaíoch agus polaitiúil na mban, ar chearta na mban i ngach réimse poiblí agus príobháideach den saol agus ar an gcomhrac i gcoinne an fhoréigin in aghaidh na mban, faoina iomad gné, agus beidh gníomhartha fócasaithe á reáchtáil freisin i gcaitheamh na bliana agus iad dírithe ar an bhforéigean in aghaidh na mban.¹⁴
19. Chuir an Chomhairle in iúl, arís agus arís eile, go bhfuil sí tiomanta do gach uile chineál foréigin in aghaidh na mban agus gach uile chineál foréigin teaghlaigh a chosc agus a dhíothú. I ndáil leis sin, meabhraíonn an Chomhairle gur ghlac sí cinntí le déanaí¹⁵ i dtaca le síniú an Choinbhinsiúin chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl) agus gur chuir sí in iúl sna cinntí sin go raibh sé ar intinn aici leanúint ar aghaidh agus an Coinbhinsiún a thabhairt i gcrích. Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit sin nach bhfuil an Coinbhinsiún daingnithe fós acu é a dhaingniú.

f) Iolrachas na meán

20. Is mór ag an gComhairle gur dírithe ar iolrachas agus daonlathas na meán a bhí Collóiciam 2016 maidir le Cearta Bunúsacha agus na gníomhaíochtaí leantacha a beartaíodh i ndiaidh an chollóiciam. Is mór aici gur lean Uachtaránacht na hEastóine ag díriú ar an tsaincheist sin ag an seimineár neamhfhoirmiúil saineolaithe maidir le 'Iolrachas na Meán agus an Smacht Reachta sa Ré Dhigiteach' a bhí aici ar an 12 Iúil 2017, mar ullmhúchán d'idirphlé bliantúil na Comhairle faoin smacht reachta.

¹⁴ Féach https://ec.europa.eu/info/events/sustainable-development-goals/2017-annual-colloquium-fundamental-rights-2017-nov-20_it

¹⁵ Cinneadh (AE) 2017/865 ón gComhairle agus Cinneadh (AE) 2017/866 ón gComhairle.

g) Aontachas an Aontais leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine

Tá an Chomhairle meáite i gcónaí ar aontachas an Aontais leis an gCoinbhinsiún Eorpach um chearta an duine, rud a dhéanfaidh luachanna coiteanna an Aontais a atreisiú, éifeachtacht dhlí an Aontais a fheabhsú agus feabhas a chur ar chomhleanúnachas chosaint na gceart bunúsach san Eoraip. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún bailchríoch a chur ar a anailís ar na saincheisteanna dlí gan mhoill, a tharraing Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa anuas, ionas go bhféadfaidh an Chomhairle a marana a dhéanamh orthu.
